2024/761

5.3.2024

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/761 ÓN gCOIMISIÚN

**an 1 Márta 2024**

**lena nglactar le hiarraidh arna cur isteach ag an Rómáin de bhun Airteagal 7(4) de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le neamhchur i bhfeidhm sealadach phointe 7.4.2.1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 maidir le 20 feithicil LEMA**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 1258)*

**(Is é an téacs Rómáinise amháin atá barántúil)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach ([1]), agus Airteagal 7(4) de go háirithe,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Lúnasa 2023, chuir an Rómáin iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ar neamhchur i bhfeidhm sealadach phointe 7.4.2.1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún ([2]) (an 'iarraidh nua'), lena ndéantar foráil maidir le feithiclí nua áirithe a fheistiú le Bonnlíne 3 an Chórais Eorpaigh um Rialú Traenacha ('ETCS'), maidir le 20 inneall féinghluaiste nua arna monarú ag LEMA 6 000 kW.

(2) Chuige sin chuir an Rómáin an chéad iarraidh isteach cheana féin an 6 Eanáir 2022. Ghlac an Coimisiún leis an iarraidh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1349 ón gCoimisiún ([3]) agus d'údaraigh sé neamhchur i bhfeidhm an phointe ábhartha go dtí an 31 Nollaig 2023. Faoin dáta sin, ba cheart uasghrádú a bheith déanta ar na feithiclí lena mbaineann go Bonnlíne ETCS 3.

(3) Tar éis chur isteach na hiarrata nua, aisghaireadh Rialachán (AE) 2016/919 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún ([4]). Ó thaobh substainte de, cuirtear pointe 7.4.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 in ionad an cheanglais maidir le suiteáil ETCS (Bonnlíne 3) a leagtar síos i bpointe 7.4.2.1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas gur iarraidh é seo gan pointe 7.4.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695.

(4) Is é is aidhm do phointe 7.4.2.1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 idir-inoibritheacht an rothstoic sa ghréasán Eorpach a éascú trí ETCS a shuiteáil ar bord. Mar sin féin, mar a breithníodh cheana i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1349, cé go raibh sé tábhachtach feithiclí iarnróid a fheistiú le ETCS, tá moilleanna suntasacha fós sa Rómáin agus i roinnt Ballstáit eile maidir le cur i bhfeidhm ERTMS.

([1]) IO L 138, 26.5.2016, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/797/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2016 maidir leis an tsonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais 'um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht' an chórais iarnróid san Aontas Eorpach (IO L 158, 15.6.2016, lch. 1,ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/919/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1349 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2022 lena nglactar le hiarraidh arna cur isteach ag an Rómáin de bhun Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le neamhchur i bhfeidhm phointe 7.4.2.1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 maidir le 20 feithicil LEMA (IO L 202, 2.8.2022, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/1349/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2023 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/919 (IO L 222, 8.9.2023, lch. 380, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1695/oj).

(5) Tá flít an 20 inneall féinghluaiste LEMA 6 000 kW dá dtagraítear san iarraidh beartaithe chun oibriú i ngréasán na Rómáine, ar gréasán é nach bhfuil ach 10 % de feistithe le ETCS taobh riain faoi láthair. Tá gá fós le PZB de chóras aicme B a bheith ag oibriú i ngréasán na Rómáine.

(6) Tá moill ar phróiseas monaraíochta na gcóras comharthaíochta. Chuir soláthraí na gcóras comharthaíochta an Rómáin ar an eolas nach mbeadh a fhréamhshamhail bhonnlíne 3 ETCS ar fáil in 2023, rud atá bunoscionn leis an mbunphleanáil. Nuair a bheidh an fhréamhshamhail ar fáil, chun na hinnill fhéinghluaiste a iarfheistiú, ní mór táirgí leordhóthanacha a dhéanamh, na córais chomharthaíochta a shuiteáil, na doiciméid theicniúla a nuashonrú agus a bhailíochtú agus gníomhaíochtaí breise ar bord a dhéanamh. A luaithe a bheidh an t-iarfheistiú curtha i gcrích, ní mór an cineál innill fhéinghluaiste nua agus innill féinghluaiste aonair a údarú lena gcur ar an margadh. Beidh roinnt míonna ag teastáil le haghaidh gach ceann de na gníomhaíochtaí sin.

(7) Dá bhrí sin, an sceideal maidir le hiarfheistiú na bhfeithiclí a mheas an monaróir ar dtús, sceideal a bhí ina bhonn eolais do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1349, níl sé ábhartha a thuilleadh agus tá gá anois le tréimhse níos faide chun 20 inneall féinghluaiste LEMA 6 000 kW a uasghrádú agus a údarú. Mar gheall ar an am seachadta níos faide, mar aon leis na moilleanna ar chur chun feidhme ETCS taobh riain i ngréasán na Rómáine, cuireadh an iarraidh nua isteach.

(8) I gcomhréir le réasúnaíocht Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1349, atá fós bailí sna himthosca atá ann faoi láthair, bheadh tionchar tromchúiseach ag suiteáil luath Bhonnlíne 3 ETCS i 20 inneall féinghluaiste LEMA 6 000 kW ar na hinnill fhéinghluaiste a bheith ar fáil lena n-oibriú ar an ngréasán, agus bheadh tionchar eacnamaíoch an-diúltach aige sin agus chuirfeadh sé inmharthanacht eacnamaíoch an tionscadail i mbaol. Mar a aithníodh cheana i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1349, bheadh sé iomchuí, ina ionad sin, an flít a chur in úsáid níos tapúla agus é a iarfheistiú ó Bhonnlíne 2 ETCS go Bonnlíne 3 ETCS níos déanaí.

(9) Go dtí go ndéanfar iad a iarfheistiú, oibreoidh na hinnill fhéinghluaiste trí úsáid a bhaint as córas aicme B i ngréasán na Rómáine mar gurb é an córas aonair comharthaíochta atá ar fáil agus ERTMS á chur i bhfeidhm ina gréasán.

(10) Sainaithnítear 13 de na hinnill fhéinghluaiste dá dtagraítear san iarraidh leis na huimhreacha seo a leanas: 91530480060-9, 91530480061-7, 91530480062-5, 91530480063-3, 91530480064-1, 91530480065-8, 91530480066-6, 91530480069-0, 91530480070-8, 91530480072-4, 91530480073-2, 91530480074-0 agus 91530480075-7. Ba cheart d'údaráis na Rómáine uimhreacha aitheantais na 7 n-inneall féinghluaiste eile a sholáthar ag céim níos déanaí, nuair a chlárófar iad.

(11) Tá gealltanas tugtha ag monaróir na bhfeithiclí do phlean innealtóireachta agus suiteála chun na feithiclí lena mbaineann a uasghrádú le Bonnlíne 3 ETCS ar bord. De réir na sceideal ama is déanaí a cuireadh ar fáil, meastar go gcuirfear i gcrích an t-uasghrádú ar an 20 inneall go Bonnlíne 3 ETCS faoin 31 Nollaig 2026.

(12) Údarú na n-inneall féinghluaiste, sula suiteálfar Bonnlíne 3 ETCS, ní bheidh sé bailí ach amháin le linn thréimhse bhailíochta an chinnidh seo maidir le neamhchur i bhfeidhm.

(13) Cé go bhfuil réasúnaíocht Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1349 fós bailí, is gá níos mó ama a thabhairt chun na hinnill fhéinghluaiste lena mbaineann a uasghrádú agus a údarú.

(14) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 7(1)(c) agus in Airteagal 7(4) de Threoir (AE) 2016/797 fós á gcomhlíonadh maidir leis na 20 feithicil lena mbaineann an iarraidh nua seo. Dá bhrí sin, ba cheart glacadh leis an iarraidh a chuir an Rómáin isteach a bhaineann le neamhchur i bhfeidhm phointe 7.4.2.1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 maidir leis na feithiclí sin go dtí an 31 Nollaig 2026.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Threoir (AE) 2016/797,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Glactar leis an iarraidh a chuir an Rómáin faoi bhráid an Choimisiúin an 31 Lúnasa 2023 ar neamhchur i bhfeidhm Phointe 7.4.2.1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 maidir le 20 inneall féinghluaiste LEMA 6 000 kW go dtí an 31 Nollaig 2026.

Sainaithnítear an chéad 13 innill fhéinghluaiste dá dtagraítear san iarraidh leis na huimhreacha seo a leanas: 91530480060-9, 91530480061-7, 91530480062-5, 91530480063-3, 91530480064-1, 91530480065-8, 91530480066-6, 91530480069-0, 91530480070-8, 91530480072-4, 91530480073-2, 91530480074-0 agus 91530480075-7.

Cuirfidh údaráis na Rómáine an Coimisiún ar an eolas faoi uimhreacha aitheantais na 7 n-inneall féinghluaiste LEMA 6 000 kW atá fágtha, a luaithe a bheidh siad cláraithe sa chlár Eorpach feithiclí le haghaidh an limistéir úsáide sa Rómáin.

*Airteagal 2*

I gcás ina gcuirfear forálacha an Chinnidh seo i bhfeidhm maidir le húdarú feithicle d'aon cheann den 20 inneall féinghluaiste LEMA 6 000 kW dá dtagraítear in Airteagal 1, beidh an t-údarú feithicle sin bailí go dtí an 31 Nollaig 2026.

*Airteagal 3*

Is chuig an Rómáin a dhírítear an Cinneadh seo.

Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Márta 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Adina-Ioana VĂLEAN
*Comhalta den Choimisiún*